



Gaelscoil Chill Dara

An Bóthar Glas, An Currach, Co. Chill Dara, Éire.
Ríomhphost: oifig@gaelscoilchilldara.com Fón: 045 442300
Uimhir Rolla: 20023A
www.gaelscoilchilldara.com



Fógra Príobháideachta

Trí chláru agus freastal do pháiste ar Ghaelscoil Chill Dara, admhaíonn tú go ndéanfaidh Gaelscoil Chill Dara do chuid sonraí pearsanta agus sonraí do phaiste (lena n-áirítear sonraí pearsanta chatagóir speisialta) a phróiseáil.

Tugann an Fógra Príobháideachta seo roinnt faisnéise cabhrach duit maidir le cé muid féin, cén sonraí pearsanta a bhailímid uait, cén fáth, cé leo a roinnimid iad agus cén fáth, cé chomh fada agus a choinnímid iad agus maidir le do chearta.

Má tá tuilleadh eolais uait, féach ar ár mBeartas Cosanta Sonraí atá ar fáil ón scoil.

1. Cé Muid:

Is muidne Gaelscoil Chill Dara.

Gaelscoil Chill Dara, An Currach, Co. Chill Dara. 045 442300 oifig@gaelscoilchilldara.com

Soláthraímid oideachas bunscóile trí mheán na Gaeilge.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar ár mBeartas Cosanta Sonraí déan teagmháil le hoifig na scoile.

2. An t-eolas a mbailímid maidir leat

Agus do phaiste mar dhalta i nGaelscoil Chill Dara, bailímid agus úsáidimid a shonraí pearsanta.

I measc na sonraí pearsanta a mbailímid tá sonraí maidir le céannacht agus sonraí teagmhála; íomhánna/grianghraif (lena n-áirítear CCTV); sonraí teaghlaigh; sonraí iontrála/clárúcháin; scoileanna roimhe seo; dul chun cinn acadúil; Uimhir PSP; riachtanais speisialta oideachais; náisiúntacht; teanga; reiligiún; sonraí leighis; faisnéis faoi iompar agus tinreamh; faisnéis faoi shláinte, sábháilteacht agus leas; faisnéis airgeadais (maidir le táillí, deontais, scoláireachtaí srl); agus sonraí pearsanta eile.

Is féidir tuilleadh sonraí faoi na sonraí a bhailímid uait a fháil inár mBeartas um Chosaint Sonraí.

Nuair a chláraíonn tú, bailímid ainm, seoladh, sonraí teagmhála agus faisnéis eile faoi thuismitheoirí/chaomhnóirí. Téimid i gcomhairle le thuismitheoirí/caomhnóirí agus iarrtar orthu toiliú a thabhairt le haghaidh rudaí áirithe cosúil le grianghraif a thógáil, turais scoile srl.

3. Conas a úsáidimid faisnéis agus an bonn dlíthiúil

Bainimid úsáid as sonraí pearsanta chun críocha lena n-áirítear:

- *d'iarratas ar chláru;*
- *oideachas agus tacaíocht chuí a sholáthar duit;*
- *monatóireacht a dhéanamh ar do dhul chun cinn acadúil;*
- *chun aire a thabhairt dod' shláinte agus dod' leas;*
- *cúram a thabhairt dár bhfoireann agus dár ndaltaí;*

- *iarratais ar dheontais, táillí agus scoláireachtaí a phróiseáil;*
- *cláir oideachais a chomhordú, a mheas, a mhaoiniú agus a eagrú;*
- *cloí lenár n-oibleagáidí dlíthiúla mar eagrais oideachais;*
- *chun ár n-oibleagáidí monatóireachta agus tuairiscithe a chomhlíonadh le comhlachtaí Rialtais,*
- *achomhairc a phróiseáil, conspóidí a réiteach, agus dlíthíocht a chosaint srl.*

Tá tuilleadh faisnéise ar na sonraí a bhailimid, an fáth a bhailimid iad, an chaoi a n-úsáidfidimid iad, agus an bonn dlíthiúil don bhailiú, ar fáil inár mBeartas Cosanta Sonraí.

4. Cé leo a roinnimid do sonraí

Roinnimid do chuid sonraí pearsanta le tríú páirtithe, lena n-áirítear comhlachtaí eile Rialtais.

Áirítear leis seo Coimisiún na Scrúduithe Stáit, an Roinn Oideachais agus Scileanna, CNOS, TUSLA, An Garda Síochána, FSS, an Roinn Coimirce Sóisialaí, na Coimisinéirí Ioncaim srl.

Braitheann leibhéal na roinnte agus an cineál an ábhair atá ag roinnt ar fhachtóirí éagsúla. Úsáidfidh na comhlachtaí Rialtais lena n-aistrímid iad do sonraí pearsanta chun críocha a gcuispóirí féin (lena n-áirítear: eolas eile atá á shealbhú acu cheana féin a dhearbhu srl.) agus féadfaidh siad é a chomhiomlánú le heolas eile atá acu cheana féin fút féin agus faoi do theaghlach. Roinnimid do chuid sonraí pearsanta freisin le tríú páirtithe eile lena n-áirítear ár gcuideachta árachais agus soláthraithe seirbhíse eile (lena n-áirítear soláthraithe TF, soláthraithe slándála, comhairleoirí dlí srl.). Ní mór dúinn de réir an dlí taifid áirithe a bhaineann le dul chun cinn daltaí ina (h) oideachas a sholáthar do thuismitheoirí/chaomhnóirí an dalta, lena n-áirítear torthaí scrúduithe. Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir le cé leo a roinneamar do chuid sonraí, cathain agus i gcén imthosca agus cén fáth, inár mBeartas Cosanta Sonraí.

5. Ní aistrímid do chuid sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta.

6. Ní ghlacaimid páirt i gcinnteoireacht/próifiliú uathoibríthe.

7. Cá fhad a choinnímid do chuid sonraí

Ní choinnítear roinnt sonraí pearsanta ach ar feadh tréimhse ghearr (mar shampla scriosfaimid iad ag deireadh na bliana acadúla toisc nach bhfuil gá leo a thuilleadh). Tá roinnt sonraí againn a choinnímid ar feadh tréimhse níos faide (mar shampla coinnítear iad tar éis do do pháiste a c(h)uid staidéir a chríochnú i nGaelscoil Chill Dara nó má fhágann sé/sí ar chúis eile), Tá tuilleadh faisnéise ar na tréimhsí coinneála le fáil inár mBeartas um Chosaint Sonraí.

8. Tá na cearta reachtúla seo a leanas agat a fhéadfar iad a fheidhmiú ag am ar bith:

- a. Ceart gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta.
- b. An ceart rochtana.
- c. An ceart chun míchruinneas a cheartú.
- d. An ceart go ligfí i ndearmad.
- e. An ceart chun próiseáil a shrianú.
- f. An ceart chun iniomparthacht sonraí.
- g. Ceart agóid a dhéanamh i gcoinne cinnteoireacht/próifiliú uathoibríthe.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar ár mBeartas Cosanta Sonraí déan teagmháil le hoifig na scoile.

9. Teagmháil

Más mian leat aon ní a phlé san fhógra príobháideachta seo, le do thoil téigh i dteagmháil leis an bPríomhoide.